2025/997

27.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/997 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Bealtaine 2025

maidir le himréiteach chuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a bhaineann le caiteachas laistigh de phlean straitéiseach CBT arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) sa tréimhse 2023-2027 le haghaidh na bliana airgeadais 2024

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 3159)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1), an chéad fhomhír, de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um na Cistí Talmhaíochta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/2116, ar bhonn na gcuntas bliantúil arna gcur isteach ag na Ballstáit, agus an fhaisnéis is gá chun na cuntais a imréiteach ag gabháil leo chomh maith le tuairim iniúchóireachta maidir le hiomláine, cruinneas agus fírinneacht na gcuntas agus na dtuarascálacha arna mbunú ag na comhlachtaí deimhniúcháin, tá an Coimisiún le cuntais na ngníomhaireachtaí íocaíochta dá dtagraítear in Airteagal 9 den Rialachán sin a imréiteach roimh an 31 Bealtaine an bhliain tar éis na bliana airgeadais i gceist.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 35 de Rialachán (AE) 2021/2116, cuirtear tús leis an mbliain airgeadais an 16 Deireadh Fómhair de bhliain n-1 agus tagann deireadh léi an 15 Deireadh Fómhair de bhliain N. Agus cuntais á n-imréiteach le haghaidh na bliana airgeadais 2024, chun an tréimhse thagartha le haghaidh chaiteachas CETFT a ailíniú le caiteachas an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta, ba cheart caiteachas a thabhaigh na Ballstáit idir an 16 Deireadh Fómhair 2023 agus an 15 Deireadh Fómhair 2024 a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Le hAirteagal 35(2), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128, maidir leis na méideanna is in-aisghabhála ó gach Ballstát nó na méideanna is iníoctha le gach Ballstát, i gcomhréir leis an gcinneadh maidir le himréiteach cuntas dá dtagraítear in Airteagal 35(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, foráiltear go bhfuil siad le leagan síos trí na híocaíochtaí idirmheánacha le haghaidh na bliana airgeadais lena mbaineann a asbhaint ón gcaiteachas a aithnítear le haghaidh na bliana sin i gcomhréir leis an Airteagal 35(1) sin. Le hAirteagal 35(2), an tríú fomhír, den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, foráiltear go bhfuil an Coimisiún leis an méid sin a asbhaint ón gcéad íocaíocht idirmheánach eile nó an méid sin a chur léi.

(4) Sheiceáil an Coimisiún an fhaisnéis a chuir na Ballstáit faoina bhráid agus chuir sé torthaí na seiceálacha in iúl do na Ballstáit, mar aon leis na leasuithe atá molta aige.

(5) I gcás na ngníomhaireachtaí íocaíochta uile, cuireann na cuntais bhliantúla agus na doiciméid tionlacain ar a chumas don Choimisiún cinneadh a dhéanamh maidir le cruinneas, iomláine agus fírinneacht na gcuntas bliantúil a chuirtear faoina bhráid.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 187, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2116/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/128 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, seiceálacha, urrúis agus trédhearcacht (IO L 20, 31.1.2022, lch. 131, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/128/oj).

(6) Tá feidhm, ón mbliain éilimh 2023 ar aghaidh, ag na rialacha maidir le sprioc-amanna íocaíochta le haghaidh bearta faoin bhforbairt tuaithe i gcomhthéacs an chórais riaracháin agus rialaithe chomhtháite dá bhforáiltear in Airteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2021/2116. Leis na laghduithe le haghaidh neamhchomhlíonadh na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún ([3]), leantar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2021/2116, agus tá siad le cur san áireamh sa Chinneadh seo le haghaidh na bliana airgeadais 2024. Féadfar scrúdú a dhéanamh ar na laghduithe sin, i gcás inarb iomchuí, faoi imeachtaí imréitigh comhréireachta de bhun Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2021/2116.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 53 de Rialachán (AE) 2021/2116, ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do na cinntí a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh ina dhiaidh seo de bhun Airteagail 54 agus 55 den Rialachán sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Imréitítear leis seo cuntais ghníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát a mhéid a bhaineann le caiteachas laistigh de Phlean Straitéiseach CBT arna mhaoiniú leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) i leith na bliana airgeadais 2024 agus a bhaineann leis an tréimhse 2023-2027.

Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo na méideanna CETFT is in-aisghabhála ó gach Ballstát, nó is iníoctha le gach Ballstát, faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT le haghaidh na tréimhse 2023-2027 de bhun an Chinnidh seo.

Airteagal 2

Leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo na laghduithe le haghaidh neamhchomhlíonadh na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2021/2116 faoi gach Plean Straitéiseacha CBT.

Airteagal 3

Tá an Cinneadh seo gan dochar do chinntí a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo maidir le himréiteach comhréireachta, ar cinntí iad a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh de bhun Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2021/2116 chun caiteachas nach ndéantar i gcomhréir le dlí an Aontais a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas, agus de bhun cinntí maidir le himréiteach feidhmíochta bliantúil a d'fhéadfadh an Coimisiún a dhéanamh amach anseo de bhun Airteagal 54 de Rialachán (AE) 2021/2116 chun caiteachas nach bhfuil aschur comhfhreagrach aige mar a thuairiscítear sa tuarascáil bhliantúil ar fheidhmíocht a eisiamh ó mhaoiniú ón Aontas.

Airteagal 4

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/127 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir le gníomhaireachtaí íocaíochta agus comhlachtaí eile, bainistíocht airgeadais, imréiteach cuntas, urrúis agus úsáid an euro (IO L 20, 31.1.2022, lch. 95, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/127/oj).

IARSCRÍBHINN I

Caiteachas CETFT imréitithe de réir Phlean Straitéiseach CBT le haghaidh na bliana airgeadais 2024

An méid atá le haisghabháil ón mBallstát nó atá le híoc leis an mBallstát de réir Phlean Straitéiseach CBT

Plean Straitéiseach CBT formheasta ag a bhfuil caiteachas dearbhaithe le haghaidh CETFT 2023-2027

In Euro

Ballstát	CCI	Caiteachas sa Bhliain Airgeadais 2024	Ceartúcháin	Iomlán	Méideanna neamh-in-athúsáidte	Méid glactha a imréitíodh le haghaidh na bliana airgeadais 2024	Íocaíochtaí eatramhacha a aisíocadh leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais	An méid atá le haisghabháil ón mBallstát (-) nó atá le híoc (+) leis an mBallstát (*)
		i	ii	iii = i + ii	iv	v = iii - iv	vi	vii = v - vi
AT	2023AT06AFSP001	236 554 703,85	0,00	236 554 703,85	0,00	236 554 703,85	236 554 703,85	0,00
BE	2023BE06AFSP001	7 315 331,20	0,00	7 315 331,20	0,00	7 315 331,20	7 354 033,34	- 38 702,14
BE	2023BE06AFSP002	15 354 099,78	0,00	15 354 099,78	0,00	15 354 099,78	15 354 099,78	0,00
BG	2023BG06AFSP001	41 549 938,21	0,00	41 549 938,21	0,00	41 549 938,21	41 549 910,31	27,90
CY	2023CY06AFSP001	15 166 625,59	0,00	15 166 625,59	0,00	15 166 625,59	15 166 625,59	0,00
CZ	2023CZ06AFSP001	138 680 708,39	0,00	138 680 708,39	0,00	138 680 708,39	138 680 783,15	- 74,76
DE	2023DE06AFSP001	513 063 943,46	0,00	513 063 943,46	0,00	513 063 943,46	513 125 771,19	- 61 827,73
DK	2023DK06AFSP001	44 961 708,98	0,00	44 961 708,98	0,00	44 961 708,98	44 961 708,98	0,00
EE	2023EE06AFSP001	28 484 839,61	0,00	28 484 839,61	0,00	28 484 839,61	28 585 105,10	- 100 265,49
ES	2023ES06AFSP001	356 147 959,34	0,00	356 147 959,34	0,00	356 147 959,34	357 025 719,99	- 877 760,65
FI	2023FI06AFSP001	246 782 103,83	0,00	246 782 103,83	0,00	246 782 103,83	246 782 193,26	- 89,43
FR	2023FR06AFSP001	1 033 425 693,62	0,00	1 033 425 693,62	0,00	1 033 425 693,62	1 033 629 669,05	- 203 975,43
EL	2023EL06AFSP001	157 529 586,36	0,00	157 529 586,36	0,00	157 529 586,36	157 529 601,21	- 14,85
HR	2023HR06AFSP001	115 754 708,93	0,00	115 754 708,93	0,00	115 754 708,93	115 755 552,33	- 843,40
HU	2023HU06AFSP001	220 631 811,58	0,00	220 631 811,58	0,00	220 631 811,58	220 631 830,20	- 18,62
IE	2023IE06AFSP001	309 018 458,47	0,00	309 018 458,47	0,00	309 018 458,47	309 018 458,47	0,00
IT	2023IT06AFSP001	467 957 355,50	0,00	467 957 355,50	0,00	467 957 355,50	468 122 339,43	- 164 983,93
LT	2023LT06AFSP001	56 036 737,08	0,00	56 036 737,08	0,00	56 036 737,08	56 036 738,95	- 1,87
LU	2023LU06AFSP001	9 103 485,58	0,00	9 103 485,58	0,00	9 103 485,58	8 879 485,57	224 000,01

In Euro

Ballstát	CCI	Caiteachas sa Bhliain Airgeadais 2024	Ceartúcháin	Iomlán	Méideanna neamh-in-athúsáidte	Méid glactha a imréitíodh le haghaidh na bliana airgeadais 2024	Íocaíochtaí eatramhacha a aisíocadh leis an mBallstát le haghaidh na bliana airgeadais	An méid atá le haisghabháil ón mBallstát (-) nó atá le híoc (+) leis an mBallstát (*)
		i	ii	iii = i + ii	iv	v = iii - iv	vi	vii = v - vi
LV	2023LV06AFSP001	46 011 507,60	0,00	46 011 507,60	0,00	46 011 507,60	46 011 507,60	0,00
MT	2023MT06AFSP001	2 323 343,04	0,00	2 323 343,04	0,00	2 323 343,04	2 323 615,75	- 272,71
NL	2023NL06AFSP001	126 476 696,16	0,00	126 476 696,16	0,00	126 476 696,16	126 451 587,77	25 108,39
PL	2023PL06AFSP001	105 933 014,77	0,00	105 933 014,77	0,00	105 933 014,77	108 779 598,74	- 2 846 583,97
PT	2023PT06AFSP001	122 907 001,35	0,00	122 907 001,35	0,00	122 907 001,35	130 524 049,96	- 7 617 048,61
RO	2023RO06AFSP001	223 040 990,59	0,00	223 040 990,59	0,00	223 040 990,59	222 917 219,46	123 771,13
SE	2023SE06AFSP001	122 379 428,00	0,00	122 379 428,00	0,00	122 379 428,00	122 399 835,95	- 20 407,95
SI	2023SI06AFSP001	61 140 675,42	0,00	61 140 675,42	0,00	61 140 675,42	61 140 679,38	- 3,96
SK	2023SK06AFSP001	119 955 638,51	0,00	119 955 638,51	0,00	119 955 638,51	119 957 497,84	- 1 859,33

(*) Maidir leis na méideanna atá le haisghabháil ón mBallstát (-) nó le híoc leis an mBallstát (+) áirítear iontu na cistí atá in-athúsáidte ag an mBallstát lena mbaineann trí ath-leithdháileadh de bhun Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/2116

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/997/oj

IARSCRÍBHINN II

Imréiteach chuntais na nGníomhaireachtaí Íocaíochta

Bliain airgeadais 2024 – CETFT

Laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí i gcomhréir le hAirteagal 44(2) de Rialachán (AE) 2021/2116

In Euro

Ballstát	CCI	Laghduithe le haghaidh neamhchomhlíontacht leis na sprioc-amanna íocaíochta is déanaí le haghaidh na bliana airgeadais 2024
AT	2023AT06AFSP001	0,00
BE	2023BE06AFSP001	0,00
BE	2023BE06AFSP002	0,00
BG	2023BG06AFSP001	0,00
CY	2023CY06AFSP001	0,00
CZ	2023CZ06AFSP001	0,00
DE	2023DE06AFSP001	0,00
DK	2023DK06AFSP001	0,00
EE	2023EE06AFSP001	0,00
ES	2023ES06AFSP001	0,00
FI	2023FI06AFSP001	0,00
FR	2023FR06AFSP001	0,00
EL	2023EL06AFSP001	0,00
HR	2023HR06AFSP001	0,00
HU	2023HU06AFSP001	0,00
IE	2023IE06AFSP001	0,00
IT	2023IT06AFSP001	0,00
LT	2023LT06AFSP001	0,00
LU	2023LU06AFSP001	0,00
LV	2023LV06AFSP001	0,00
MT	2023MT06AFSP001	0,00
NL	2023NL06AFSP001	0,00
PL	2023PL06AFSP001	0,00
PT	2023PT06AFSP001	0,00
RO	2023RO06AFSP001	0,00
SE	2023SE06AFSP001	0,00
SI	2023SI06AFSP001	0,00
SK	2023SK06AFSP001	0,00